



Ciorclán 0043/2014

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Iarbhunscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna
Cuimsitheacha Aitheanta
agus
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oilúna**

**Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016
(Comhaontú Bhóthar Haddington)**

Múinteoirí

Athbhreithniú ar Úsáid Uaireanta Pháirc an Chrócaigh – Leasú ar Chiorclán 0025/2011

Réamhrá

1. Faoi Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington), aontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú ar úsáid na n-uaireanta breise a chuireann múinteoirí ar fáil faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh, lena mbeadh baint ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, ceardchumann mhúinteoirí agus comhlachtaí bainistíochta scoileanna. Is é cuspóir an Chiorcláin seo toradh an athbhreithnithe sin a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta agus do mhúinteoirí.

Leasú ar Chiorclán 0025/2011

2. Ag eascairt ón athbhreithniú, cuirtear an téacs seo a leanas le deireadh alt 5 de Chiorclán 0025/2011:

“Ag féachaint don chroíchuspóir atá taobh thiar d’am breise a sholáthar mar a leagtar amach in alt 1 thuas, cuirfear tréimhse ama suas le 5 huair an chloig agus nach mó ná sin (as an 33 uair an chloig), ar fáil i gcomhair obair forbartha agus pleanála ar bhonn eile seachas ar bhonn na scoile uile agus de réir mar a cheadóidh an bhainistíocht.

Beidh úsáid an chúig huair an chloig sin faoi réir ag fíorú agus cuntasacht iomchuí. Cuirfear teimpléad ar fáil chuige sin.

Ní bheidh feidhm ag alt 3(a) de Chiorclán 0025/2011 maidir le seachadadh na n-uaireanta sin, ach amháin más éigean iad a sheachadadh lasmuigh de na huaireanta a chuirtear ar amchlár mhúinteoirí do theagmháil ranga agus do mhaoirsiú/ionadaíocht agus i dtréimhsí nach maireann níos lú ná 30 nóiméad.

Bainistíocht na scoile a chinnfidh an creat ama chun an ghné seo a thabhairt chun críche.”

3. Cuirfear an leasú seo ar Chiorclán 0025/2011 i bhfeidhm le héifeacht ó thús na scoilbhliana 2014/15.
4. Tá an téacs leasaithe iomlán den chuid den chiorclán 0025/2011 ina bpléitear am breise ag gabháil leis seo in Aguisín 1, mar thagairt.
5. Tá teimpléad chun an tréimhse 5 uair an chloig a fhíorú ag gabháil leis seo in Aguisín 2.

Dáileadh agus Ceisteanna

6. Déan cinnte, le do thoil, go gcuirfear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach comhalta den Bhord Bainistíochta/den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirfear an t-ábhar ann in iúl do gach múinteoir atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad sin ar saoire ceadaithe gan phá nó le pá.
7. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi <http://www.education.ie>.
8. Ba chóir ceisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh chuig: hraqueries@education.gov.ie.

Philip Crosby
Caidreamh Foirne Seachtraí
12 Bealtaine 2014

Aguisín 1- Téacs leasaithe maidir le ham breise as Ciorclán 0025/2011.

Am breise

1. Is é an croíchuspóir atá taobh thiar d'am breise a sholáthar ná gníomhaíochtaí riachtanacha a sholáthar mar a leagtar amach in alt 5 thíos gan am teagmhála/teagaisc ranga a laghdú. Faoi láthair, cailleann scoileanna am teagaisc chun na gníomhaíochtaí sin a sholáthar agus is éard atá beartaithe ná go gcuirfidh úsáid na n-uaireanta breise seo deireadh leis an gcaillteanas sin.
2. I rith na scoilbhliana uile, is 33 uair an chloig ar fad a bhíonn sa soláthar ama breise. Gan dochar d'fhorálacha alt 5 agus alt 6 thíos, déanfar comhairliúchán leis an bhfoireann múinteoireachta ag leibhéal na scoile maidir leis an dóigh is fearr leis na huairanta sin a úsáid agus a sceidealú d'fhonn riachtanais na scoile a chomhlíonadh agus d'fhonn deireadh a chur leis an laghdú ar am teagmhála ranga.
3. Féadfaidh scoileanna na huairanta sin a úsáid ar an mbealach a leagtar amach in (a) nó (b) thíos nó trí mheascán de (a) agus (b).
 - (a) Féadfaidh bainistíocht na scoile treoir a thabhairt go n-úsáidfí na 33 uair an chloig i mbloic de 1 nó 2 uair an chloig (ach amháin i gcás cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí breise. Sa chás sin beidh feidhm leis na forálacha ama atá ann faoi láthair agus a leagtar amach i gCiorclán M58/04). Ach amháin mar a leagtar amach in (b) thíos, cuirfear na huairanta sin ar an sceideal le linn na scoilbhliana 167 lá agus ba chóir an tréimhse ama a sceidealú lasmuigh de ghnáthuaireanta scoile.
 - (b) Sa chás go gcomhaontaíonn foireann na scoile é a dhéanamh, féadfaidh bainistíocht na scoile na huairanta sin go léir nó cuid díobh a úsáid lasmuigh den 167 lá a bhíonn an scoil ar oscailt i gcomhair teagaisc. Ar an tslí chéanna, má chomhaontaítear é, féadfaidh bainistíocht na scoile na huairanta go léir nó cuid díobh a úsáid i mbloic de níos mó ná 2 uair an chloig le linn na scoilbhliana 167 lá. I gcás mar sin, ba chóir an tréimhse ama a sceidealú lasmuigh de ghnáthuaireanta scoile.
4. Is ar bhonn pro-rata a chinnfear candam na 33 uair an chloig breise a bheadh ar fáil i gcás múinteoirí páirtaimseartha.
5. Féadfaidh bainistíocht na scoile treoir a thabhairt go n-úsáidfí na 33 uair an chloig chun am breise a chur ar fáil le déileáil le roinnt de na nithe seo a leanas, nó iad go léir.
 - pleanáil scoile agus forbairt polasáí (lena n-aíritear pleanáil ábhar)
 - cruinnithe foirne
 - cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí (ag teacht leis an bhfoirmle chomhaontaithe do chruinnithe den sórt sin)
 - ionduchtú
 - inseirbhís faoi shainordú náisiúnta / Forbairt Ghairmiúil Leanúnach e.g. cláir nó siollabais nua
 - inseirbhís cheadaithe arna ceadú ag an scoil / Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
 - gníomhaíochtaí breise oideachais iomchuí mar a leagtar amach in Aguisín 1

- ionadaíocht agus maoirsiú (féach alt 6 thíos)

Ag féachaint don chroíchuspóir atá taobh thiar d’am breise a sholáthar mar a leagtar amach in alt 1 thuas, cuirfear tréimhse ama suas le 5 huair an chloig agus nach mó ná sin (as an 33 uair an chloig), ar fáil i gcomhair obair forbartha agus pleanála ar bhonn eile seachas ar bhonn na scoile uile agus de réir mar a cheadóidh an bhainistíocht.

Beidh úsáid an chúig huair an chloig sin faoi réir ag fíorú agus cuntasacht iomchuí. Cuirfear teimpléad ar fáil chuige sin.

Ní bheidh feidhm ag alt 3(a) de Chiorclán 0025/2011 le seachadadh na n-uaireanta sin, ach amháin más éigean iad a sheachadadh lasmuigh de na huaireanta a chuirtear ar amchlár múinteoirí do theagmháil ranga agus do mhaoirsiú/ionadaíocht agus i dtréimhsí nach maireann níos lú ná 30 nóiméad.

Bainistíocht na scoile a chinnfidh an creat ama chun an ghné seo a thabhairt chun críche.

6. Ba chóir na huaireanta breise a úsáid chun críocha ionadaíochta agus maoirsithe an oiread is nach n-úsáidtear go hiomlán iad chun na críocha a shonraítear thuas. Ainmneofar uaireanta iarmharacha múinteoirí nach bhfuil ar conradh faoin scéim Ionadaíochta & Maoirsithe chun críocha eile seachas ionadaíocht agus maoirsiú.
7. Tá na 33 uair an chloig sa bhreis ar an am breise dá ndéantar foráil faoi chomhaontuithe reatha maidir le cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí agus cruinnithe foirne. I gcás cruinnithe foirne féadfaidh bainistíocht na scoile roinnt de na huaireanta breise a úsáid chun deireadh a chur leis an ngné ‘leath bealaigh isteach’ de na cruinnithe sin.
8. Léireofar úsáid na n-uaireanta breise de réir mar is cuí ar fhéilire na scoile, a chuirtear ar fáil do phobal na scoile ag tús gach scoilbhliana.

Aguisín 2 – Teimpléad chun tréimhse 5 huair an chloig a fhíorú.

Uaireanta Pháirc an Chrócaigh – Obair Pleanála agus Forbartha – Taifead ar Chruinniú

Ábhar:

Dáta:

Am Tosaithe:

Am Críochnaithe:

I Láthair:

Cad a pléadh?

Cad a cinneadh?

Cé na pointí gnímh a comhaontaíodh, má comhaontaíodh ceann ar bith?

Cé a thabharfaidh faoi na pointí gnímh seo?

Dáta an chéad chruinnithe eile x:

Síniú: 1.

2.

3.

4.

5.